C/2024/2379

27.3.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/2379)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Pfälzer Landwein'

PGI-DE-A1294-AM01

Dáta na teachtaireachta: 8 Eanáir 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Tuairisc ar na hathruithe

a) *Tuairisc ar an bhfíon / ar na táirgí fíniúna agus na saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Liostaítear neart alcóil nádúrtha íosta agus meáchan úrfhíona nádúrtha íosta 'Pfälzer Landwein' faoi phointe ar leithligh. Níor athraíodh an t-ábhar. Cuireadh an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a dhoiciméadú.'

Soláthraíodh tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla freisin.

b) *Críochú an limistéir*

Leasaíodh an críochú ar limistéar TGFC 'Pfälzer Landwein'.

Liostaíodh na bardais aonair, lena n-áirítear na haonaid chadastracha.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Leasaíodh an limistéar ina bhféadfar Landwein a tháirgeadh. Go dtí seo, níorbh fhéidir 'Pfälzer Landwein' a tháirgeadh ach amháin i limistéar saothrúcháin Pfalz. Rinneadh na rialacha i ndáil leis sin a ailíniú le ceanglais dlí agus ceadaítear anois 'Pfälzer Landwein' a tháirgeadh freisin i limistéar difriúil den stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird:

'Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.'

c) *Cineálacha fíonchaoire*

Go dtí seo, liostaíodh na cineálacha fíniúna a leanas faoi phointe 7 (a bheidh mar phointe 8 amach anseo) den tsonraíocht táirge:

Fíonta geala

Albalonga, Auxerrois, Bacchus, Chardonnay, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe, Früher Malingre, Gelber Muskateller, Grauer Burgunder, Grüner Veltliner, Hölder, Huxelrebe, Johanniter, Juwel, Kanzler, Kerner, Kernling, Mariensteiner, Morio-Muskat, Müller-Thurgau, Muskat-Ottonel, Nobling, Optima, Orion, Ortega, Perle, Phoenix, Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Riesling, Roter Elbling, Roter Gutedel, Roter Muskateller, Roter Traminer, Saphira, Sauvignon Blanc, Scheurebe, Schönburger, Siegerrebe, Silvaner, Sirius, Solaris, Staufer, Weißer Burgunder, Weißer Elbling, Weißer Gutedel, Würzer.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Fíonta dearga agus rosé

Accent, Acolon, Allegro, Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Blauer Spätburgunder, Blauer Trollinger, Blauer Zweigelt, Bolero, Cabernet Carbon, Cabernet Carol, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin, Cabernet Dorio, Cabernet Dorsa, Cabernet Franc, Cabernet Mitos, Cabernet Sauvignon, Dakapo, Deckrot, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Färbertraube, Früher Roter Malvasier, Helfensteiner, Heroldrebe, Merlot, Müllerrebe, Muskat Hamburg, Palas, Portugieser, Prior, Regent, Rondo, Saint Laurent, Syrah.

ATHRUITHE

Amach anseo, is éard a bheidh sna ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé'.

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

'Adelfränkisch, Alvarinho, Arneis, Blauer Silvaner, Blütenmuskateller, Bronner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Calardis Musqué, Chardonnay Rosé, Chenin Blanc, Donauriesling, Felicia, Fernão Pires, Floreal, Früher Roter Malvasier, Gelber Orleans, Gf Ga-52-42, Gf 2010-011-0048, Glera, Goldmuskateller, Grenache Blanc, Grünfränkisch, Helios, Hibernal, Manzoni Bianco, Marsanne Blanche, Muscaris, Petit Manseng, Pollux, Rinot, Roter Müller-Thurgau, Roter Riesling, Roter Veltliner, Roussanne, Sauvignac, Sauvignon Gris, Sauvignon Gryn, Sauvignon Nepis, Sauvignon Rytos, Sauvignon Sary, Sauvitage, Semillon, Sorelli, Souvignier Gris, Trebbiano di Soave, VB 32-7, Villaris, Viognier, Weißer Heunisch, Weißer Lagler, We S 509, We 86-708-86 (Veritage).'

Cineálacha fíonchaor dearg:

'Artaban, Barbera, Blauer Gänsfüßer, Blauer Muskateller, Cabaret Noir, Cabernet Bordo, Cabernet Cantor, Cabertin, Calandro, Cabernet Eidos, Cabernet Jura, Carignan Noir, Carménère, Cinsault, Divico, Dolcetto, Fer Servadou, Gamaret, Gf 84-58-988, Gf 2004-043-0010, Gm 674-1, Grenache Noir, Lagrein, Laurot, Malbec, Marselan, Merlot Kanthus, Merlot Khorus, Mourvèdre, Muskattrollinger, Nebbiolo, Petite Syrah, Petit Verdot, Pinotage, Pinotin, Pinot Nova, Piroso, Primitivo, Reberger, Rosenmuskateller, Rösler, Sangiovese, Satin Noir, Schwarzblauer Riesling, Schwarzer Urban, Tannat, Tauberschwarz, Tempranillo, VB Cal 1-22, VB Cal 1-28, VB 91-26-5, VB 91-26-8, Vidoc, We 70-281-36, We 70-281-37, We 73-45-84, We 94-26-36, We 94-27-5, We 94-28-32.'

Baineadh na cineálacha a leanas den liosta:

Fíon geal:

'Ehrenbreitsteiner, Orion, Prinzipal, Regner, Sirius, Staufer'.

Fíon dearg agus fíon rosé:

'Früher Roter Malvasier' (liosta mícheart)

'Muskat Hamburg'

'Färbertraube'

d) *Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC*

Coinneofar an fhoráil seo a leanas lena léirítear an reachtaíocht atá ann cheana, tar éis na leasuithe ar an reachtaíocht fiú: Ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh a bheith ón limistéar lena mbaineann ainm Landwein. Léirítear an riail sin mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta) agus gan iad a bheith léirithe mar cheanglas faoin dlí náisiúnta a thuilleadh. Luaitear 100 % go sainráite anois agus déantar tagairt don fhigiúr sin sa liosta ina sainaithnítear an limistéar críochaithe agus an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge.

Maidir leis an bhfoclaíocht seo a leanas: Cuireadh an méid seo a leanas in ionad 'ní fhéadfar "Pfälzer Landwein" a dhéanamh ach as fíonchaora a thagann as fíonghoirt údaraithe agus ó chineálacha fíniúna údaraithe': 'Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun "Pfälzer Landwein" a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíonchaoire a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge'.

e) *Údarás rialúcháin*

Faoi phointe 11 den tsonraíocht táirge, athraíodh uimhir facs an údaráis rialaithe. Thairis sin, ceartaíodh dleachtanna an údaráis rialaithe mar go bhfuil freagracht as na húdaruithe nua um plandú aistrithe ó Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta go dtí an Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia.

f) *Eile*

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear orthu sin na hathruithe eile lena léirítear an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair. Rinneadh amhlaidh trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair nó an sliocht ábhartha a scriosadh.

2. **Cúiseanna leis na hathruithe**

a) *Tuairisc ar an bhfíon / ar na táirgí fíniúna agus na saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Liostaítear an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta faoi phointe ar leithligh chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire. Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Beidh an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta measctha da bhrí sin ag an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha má tá siad chun 'Pfälzer Landwein' a mhargú. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta abairt a chur isteach lena soiléirítear nach gá ach an meáchan úrfhíona íosta a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr.

b) *Críochú an limistéir*

Rinneadh neart machnaimh ar na hathruithe ar chríochú an limistéir, agus tá siad beartaithe chun míbhuntáistí suntasacha ar fhíonsaothrúcháin, talmhaíochta, agus tírdhreach saothraithe réigiún Pfalz, mar a forbraíodh é thar am, a chosc. Rinneadh amhlaidh mar gheall gur forbraíodh fíonsaothrú in Pfalz leis na céadta bliain laistigh de chríocha geografacha sonracha na n-aonad cadastrach ábhartha, rud atá fíor maidir le gach limistéar fíonsaothrúcháin traidisiúnta san Eoraip.

Mínítear na cúiseanna atá le críochú an limistéir ar bhealach níos mionsonraithe thíos:

Tá gá le fíonghoirt iata chun críocha dearbhaithe cáilíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann le bearta cosanta plandaí.

Ní bhíonn na bearta cosanta plandaí a chuirtear chun feidhme san fhíonsaothrú comhoiriúnach i gcónaí le barra eile, agus a mhalairt. Dá réir sin, cruthaítear fadhbanna áit a gcuirtear fíonghoirt taobh le húsáidí talún eile agus ba cheart na fadhbanna sin a sheachaint a mhéid is féidir:

— Dá lú pointí teagmhála ag talamh a úsáidtear le haghaidh fíonsaothrú agus úsáidí eile (feirmeoireacht arúil, torthaí a fhás, féarthalamh, etc.), is ea is lú na héifeachtaí diúltacha ar fhíonsaothrú agus ar cháilíocht na bhfíonta ann. Tá sé sin mar gheall ar na riachtanais bainistíochta shonracha sa limistéar fíonsaothraithe, go háirithe i gcás cosanta plandaí. Is minic a bhíonn an-éagsúlacht sna táirgí a úsáidtear, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcuspóir atá leis, le húdarú le haghaidh barra sonracha agus tréimhsí feithimh.

— Fiú má chuirtear na táirgí cosanta plandaí i gceart, d'fhéadfaidís gluaiseacht chuig dáileachtaí cóngaracha a bhfuil úsáidí éagsúla acu agus d'fhéadfadh sé sin damáiste nach bhfuil de dhíth a dhéanamh don fhásra i limistéir nach bhfuiltear ag díriú orthu nó cur isteach ar cháilíocht/indíoltacht táirgí mar gheall ar iarmhair áirithe a bheith ann. Mar shampla, má tá síobadh nach bhfuil de dhíth mar thoradh ar luibhicídí córasacha a úsáid ar limistéir máguaird, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar chur torthaí má thruaillítear na fíniúnacha sula dtagann siad i mbláth. Má úsáidtear luibhicídí teagmhála, d'fhéadfadh dónna nach bhfuil de dhíth a bheith mar thoradh ar shíobadh ar na codanna den cheannbhrat duilleoige/buinneoga atá buailte. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh fadhbanna teacht chun cinn má ghluaiseann fungaicídí a úsáidtear chuig talamh arúil máguaird. Bheadh fadhb mhór leis sin go háirithe in Pfalz, mar tá an limistéar saothrúcháin glasraí leanúnach is mó sa Ghearmáin taobh le

limistéar ATFC ‘Pfälzer Landwein’. Is mar gheall ar an sciar ard barr speisialta a bhfuil géarghá leis na fíonghoirt a bheith críochaithe go sonrach ar leithligh ar limistéir talmhaíochta, mar a rinneadh go dtí seo. Ós rud é nach bhfuil na táirgí cosanta plandaí údaraithe le haghaidh roinnt de na barra a fhástar sa limistéar sin, d’fhéadfaí a fháil amach i staidéir iarmhair – ar bhonn anailís bheacht agus uasteorainneacha iarmhar uasta ísle – nach bhfuil an táirge oiriúnach lena chur ar an margadh, go háirithe i gcás glasraí. Is amhlaidh an cás le haghaidh ullmhóidí copair a úsáidtear i dtáirgeadh fíona orgánaigh. Tarlaíonn cásanna den sórt sin go minic sa chleachtas agus ba cheart iad a sheachaint dá bhrí sin.

D’fhéadfadh na bearta cosanta plandaí reatha a dhíríonn ar bharra damáiste a dhéanamh do thalamh arúil agus ar fhíonghoirt.

Ligeann fíonghoirt iata don bhainistíocht éifeachtach agus do mhodhanna cosanta a chur i bhfeidhm ar an limistéar fíonsaothrúcháin.

Tá straitéisí cosanta plandaí a bhfuil tionchar íseal acu ag a bhfuil buntáistí cáilíochtúla, comhshaoil agus eacnamaíocha tábhachtach chun táirgeadh inbhuanaithe fíonta ar ardchaighdeán a áirithiú.

— Sampla maith de straitéis mar sin is ea úsáid fearamón chun leamhain fíniúna a chomhrac. Ní oibríonn an beart cosanta sin ach má leithdháiltear na dáileoirí fearamón, a theastaíonn chun mearbhall a chur ar lotnaidí agus atáirgeadh a theorannú, chomh forleathan agus is féidir óna chéile. Sa chomhthéacs sin, tá sé i bhfad níos saoire má sheachnaítear an cleachtas a bhaineann le dáileoirí a dhéshuí le chéile ag na himill (teorainneacha le barra eile, úsáidí eile nó fásra eile) freisin. Mar sin féin, ní féidir é sin a bhaint amach ach más fíonghort iata atá ann.

— Tá gá le fíonghoirt iata ó thaobh cúrsaí teicniúla agus eacnamaíocha de freisin chun na fíonchaora aibí a chosaint ó dhamáiste ag éin, mar is é an bealach sin an t-aon mhodh is féidir cosaint éifeachtach a áirithiú.

— Cuireann fíonghoirt iata cosc freisin ar dhamáiste a dhéanann géim.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an líon géim a theorannú agus géarghá leis ar son cúiseanna a bhaineann le fíonsaothrú, – ar an gcéad dul síos, mar gheall nach ndéantar an damáiste a dhéanann ainmhithe den sórt sin d’fhíonghoirt a chúiteamh go huathoibríoch i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht. Laghdaíonn sé freisin an riosca a bhaineann le ráigeanna infhógartha d’fhiabhras Afracach na muc, fiabhras atá mar riosca suntasach d’fheirmeoireacht beostoic sa Ghearmáin. Tá sé níos éasca agus níl sé chomh costasach toirc allta a chomhrac i bhfíonghoirt iata i gcomparáid le limistéar a úsáidtear chun barra éagsúla a fhás (e.g. fíonchaora, barra arúla agus torthaí), ina soláthraítear limistéir tearmainn agus foinsí bia.

— An cleachtas a bhaineann le sil-uisciú i bhfíonghoirt, a úsáidtear chun fíniúnacha a fhás, tá sé ag éirí níos tábhachtaí, go háirithe i bhfíonghoirt óga. Baineann buntáiste le fíonghoirt iata i gcás an bonneagar is gá (toibreacha, píobáin, etc.) a thógáil agus a oibriú. Tá foinsiú agus bailiú comhchoiteann uisce agus úsáid chomhchoiteann iompair agus línte dáilte níos éifeachtaí agus níos saoire i bhfíonghoirt den sórt sin.

— Tá na ceanglais le haghaidh líonraí lánaí i bhfíonghoirt éagsúil uathu siúd i bhfeirmeoireacht arúil, mar shampla. Dá réir sin, i bhfíonghoirt ina bhfuil struchtúr lána atá oiriúnach don fhíonsaothrú, d’fhéadfadh sé a bheith indéanta nó an-deacair an talamh a úsáid le haghaidh feirmeoireacht arúil agus/nó mar thalamh féaraigh. Is é sin an cás mar gheall nach bhfuil fíonghoirt deartha go ginearálta le bheith oiriúnach le haghaidh feithiclí agus innealra mór agus trom; mar sin féin, bíonn siad ag teastáil agus úsáidtear iad chun an talamh a tháirgeann barra arúla a shaothrú. Dá mbeadh gá leis na lánaí uile sin a threisiú chun a bheith in ann ualaí níos troime a iompar orthu, chruthódh sé sin ualach airgeadais níos mó le haghaidh na n-úinéirí talún sa limistéar.

Tá an tírdhreach saothraithe, a forbraíodh le himeacht ama, agus an radharc tíre nádúrtha, lena n-áirítear na fíonghoirt thraidisiúnta, mar shaintréithe thásc geografach faoi chosaint ‘Pfälzer Landwein’.

— De réir na gcónaitheoirí áitiúla, comhaltaí de thionscal fíona an réigiúin, saineolaithe agus tomhaltóirí freisin, tá réigiún fíona Pfalz sainiúil mar gheall ar na fíonghoirt thraidisiúnta a mhúnlaíonn an tírdhreach – go háirithe ós rud é go bhfuil an limistéar fíonghoirt leanúnach is mó ann.

— D’athrófaí an radharc tíre nádúrtha sainiúil dá n-úsáidfí an talamh le haghaidh feirmeoireacht arúil thraidisiúnta agus bheadh tionchar aige sin ar an tírdhreach saothraithe a forbraíodh.

— Glacann an fíon – i gcomhar leis an réigiún fíonsaothraithe traidisiúnta agus na fíonghoirt thraidisiúnta – ról mór sa turasóireacht freisin.

— Bheadh neart fíonghort i mbaol dá mbrúfadh scrobarnach gan iarraidh isteach orthu, ós rud é nach bhfuil siad oiriúnach le haghaidh aon úsáide eile seachas fíonsaothrú mar gheall ar a méid bheag, a saintréithe agus an fhíric go mbíonn sé an-deacair meaisíní níos mó a thabhairt orthu. Bheadh forbairt den sórt sin díobhálach don limistéar fíonsaothraithe ó thaobh cúrsaí aeistéitiúla de agus dá bhrí sin ó thaobh cúrsaí turasóireachta agus eacnamaíocha de freisin. Thairis sin, d'fhéadfadh plandaí óstaigh le haghaidh lotnaidí (e.g. plandaí sméar dubh) tosú ag fás ar na limistéir neamhshaothraithe sin, agus d'fhéadfadh go mbeadh coilíniú na cuileoige fínéagair shilín agus lotnaidí eile nach bhfuil de dhíth mar thoradh air sin. Bheadh lotnaidí den sórt sin mar bhagairt do shláinte agus cáilíocht na bhfíonchaor i bhfíonghoirt máguaird.

Is léir ó na cúiseanna a leagtar amach thuas go mbaineann neart buntáistí le fíonghoirt a shaothrú ar láithreán comhdhlúthaithe agus iata más féidir, le haghaidh úinéirí agus oibreoirí fíonghort agus an comhshaol freisin. Dá bhrí sin, i bhfianaise na mbuntáistí iomadúla a shonraítear thuas, níor cheart an sciar d'fhíonghoirt atá scaipthe thar láithreáin iomadúla a mhéadú, agus an sciar sin íseal cheana féin.

Dá bhrí sin, ní thabharfar sainmhíniú níos cúinge sa tsonraíocht táirge ná mar a cheadaítear leis an dlí ar an limistéar ina bhféadfar 'Pfälzer Landwein' a tháirgeadh.

c) *Cineálacha fíniúna*

Bhí an liosta de chineálacha fíniúna neamhchríochnaithe roimhe seo. Cuirfear na cineálacha uile a shaothraítear i limistéar saothrúcháin Pfalz atá aicmithe go dtí seo leis, toisc go bhfuil a luach sa limistéar cruthaithe ag na cineálacha sin cheana féin. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge. Maidir leis na cineálacha geala agus an cineál dearg 'Färbertraube' arna mbaint den liosta, ní shaothraítear iad in Pfalz agus, dá bhrí sin, níor cheart iad a áireamh ar an liosta de chineálacha TGFC 'Pfälzer Landwein' faoi láthair. Is fíonchaor boird é 'Muskat Hamburg' agus ní cheadaítear é dá bhrí sin. Baineadh 'Früher Roter Malvasier' den liosta de chineálacha dearga, mar úsáidtear é chun fíonta geala a tháirgeadh. Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaoire liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

Scriosadh na comhchiallaigh, mar gurb ionann an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, agus 'cead pleanála', seachas ceanglas lipéadaithe.

d) *Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC*

Ní áirítear sa reachtaíocht náisiúnta an riail maidir le 100 % a thuilleadh. Dá bhrí sin, léirítear í mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta). Maidir leis na leasuithe arna ndéanamh don téacs (e.g. chun an figiúir 100 % a lua go sainráite), déantar iad sin chun substaint na forála bunaidh a shoiléiriú. Ní raibh na leasuithe substainteach.

e) *Údarás rialúcháin*

Athraíodh an uimhir facs.

Rinneadh an ceartúchán chun an reachtaíocht infheidhme a léiriú.

f) *Eile*

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(ainmnneacha)**

Pfälzer Landwein

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

—

1. *Fíon, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear fíonta geala, dearga agus rosé, agus – go pointe áirithe – fíonta Rotling, go traidisiúnta sa réigiún ina dtáirgtear 'Pfälzer Landwein'.

Go ginearálta, bíonn dea-bholaithe idir torthaíoch úr agus torthaíoch andúchasach ar na fíonta geala. Ag brath ar an gcineál fíniúna agus ar na hoibríochtaí siléir, d'fhéadfadh dea-bholaithe glasa, blasanna spíosracha, toiteacha agus mianracha a bheith orthu.

Tá siad sainiúil mar gheall ar an gcothromaíocht idir aigéadacht agus milseacht, agus bíonn aigéadacht idir láidir agus measartha acu freisin.

Bíonn dath na bhfíonta idir buí éadrom le himreacha glasa agus buí ar dhath an tuí agus órbhuí de ghnáth. Ag brath ar an gcineál fíniúna, d'fhéadfadh imreacha beagán dearg a bheith orthu freisin. Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe, in éineacht le himreacha cineál dearg agus donn. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta geala nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach. Maidir leis an mboladh, is iad blasanna ocsaídiúcháin d'aon ghnó, blasanna feanólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha a bhíonn ann.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíon, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear fíonta geala, dearga agus rosé, agus – go méid teoranta – fíonta Rotling, go traidisiúnta sa réigiún ina dtáirgtear 'Pfälzer Landwein'.

Tá na fíonta sainiúil, go háirithe, mar gheall ar na dea-bholaithe de chaora agus torthaí dearga atá orthu. D'fhéadfadh dea-bholaithe glasa a bheith orthu freisin. Bíonn na fíonta sainiúil mar gheall ar an aigéadacht idir séimh agus láidir atá acu.

Baineann raon idir caordhearg éadrom agus dath caoire troim láidir leis an dath a bhíonn orthu.

D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 12 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Fíon, rosé agus Blanc de Noir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear fíonta geala, dearga agus rosé, agus – go méid teoranta – fíonta Rotling, go traidisiúnta sa réigiún ina dtáirgtear 'Pfälzer Landwein'.

Táirgtear na cineálacha fíona sin ó chineálacha fíonchaoire deirge a bhrúitear go séimh. Is iondúil go mbíonn dath idir bándearg éadrom agus dearg geal orthu. Bíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir. Ós rud é go dtugtar chun cineáil na húrfhíonta ar an mbealach céanna agus a dtugtar fíon geal chun cineáil, bíonn dea-bholaithe de chaora agus torthaí dearga agus bána/buí ar na fíonta sin.

D'fhéadfadh níos mó aigéadachta a bheith le brath ar na fíonta rosé, i dtéarmaí blais. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Fíonta Rotling*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear fíonta geala, dearga agus rosé, agus – go méid teoranta – fíonta Rotling, go traidisiúnta sa réigiún ina dtáirgtear 'Pfälzer Landwein'.

Déantar na fíonta sin trí fhíonchaora dearga agus geala nó úrfhíon a chumasc. Maidir lena saintréithe orgánaileipteacha, tá siad an-chosúil le fíonta rosé. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin, áfach.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais maidir le fíonóireacht**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Táirgí iomlána

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Táirgí iomlána

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Táirgí iomlána

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

150 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Pfälzer Landwein' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt a bhaineann leis na bardais agus ceantair bhardasacha seo a leanas:

Albersweiler (5426), Albisheim (Pfrimm) (4555), Altdorf (5470), Annweiler am Trifels (Gräfenhausen (5424), Queichhambach (5421)), Bad Bergzabern (5372), Bad Dürkheim (Bad Dürkheim (4351), Grethen (4354), Leistadt (4356), Seebach (4353), Ungstein (4358)), Barbelroth (5360), Battenberg (Pfalz) (4396), Bellheim (5619), Billigheim-Ingenheim (Appenhofen (5383), Billigheim (5386), Ingenheim (5384), Mühlhofen (5385)), Birkweiler (5393), Bischheim (4571), Bissersheim (4404), Bobenheim am Berg (4379), Bobenheim-Roxheim (3951), Bockenheim an der Weinstraße (Großbockenheim (4414), Kleinbockenheim (4415)), Böbingen (5472), Böchingen (5399), Böhl-Iggelheim (Böhl (4006), Iggelheim (4007)), Bolanden (4573), Bornheim (Südliche Weinstraße) (5516), Bubenheim (Donnersbergkreis) (4550), Burrweiler (5491), Dackenheim (4375), Dannstadt-Schauernheim (Dannstadt (3994)), Deidesheim (4310), Dierbach (5358), Dirmstein (4408), Dörrenbach (5366), Ebertsheim (4420), Edenkoben (Edenkoben (5466), 4 Mittelhainger (5467)), Edesheim (Edesheim (5479), 3 Mittelhainger (5480)), Einselthum (4554), Ellerstadt (4339), Erpolzheim (4366), Eschbach (Südliche Weinstraße) (5390), Essingen (5517), Flemlingen (5483), Forst an der Weinstraße (4309), Frankweiler (Südliche Weinstraße) (5397), Freckenfeld (5676), Freimersheim (Pfalz) (5476), Freinsheim (4369), Freisbach (5601), Friedelsheim (4337), Fußgönheim (3978), Gauersheim (4567), Gerolsheim (4407), Gleisweiler (5493), Gleiszellen-Gleishorbach (5374), Göcklingen (5388), Gönnheim (4338),

Gommersheim (5474), Großfischlingen (5478), Großkarlbach (4405), Großniedesheim (3962), Grünstadt (Asselheim (4426), Grünstadt (4427), Sausenheim (4428)), Hainfeld (5485), Haßloch (4301), Hergersweiler (5359), Herxheim am Berg (4373), Herxheim bei Landau/Pfalz (5527), Herxheimweyher (5526), Heßheim (3965), Heuchelheim bei Frankenthal (3963), Heuchelheim-Klingen (Heuchelheim (5381), Klingen (5382)), Hochdorf-Assenheim (Assenheim (3995), Hochdorf (3996)), Hochstadt (Pfalz) (Niederhochstadt (5519), Oberhochstadt (5518)), Ilbesheim bei Landau in der Pfalz (5389), Immesheim (4548), Impflingen (5387), Insheim (5529), Kallstadt (4371), Kandel (5671), Kapellen-Drusweiler (5363), Kapsweyer (5355), Kindenheim (4416), Kirchheim an der Weinstraße (4402), Kirchheimbolanden (4577), Kirrweiler (Pfalz) (5455), Kleinfischlingen (5477), Kleinkarlbach (4400), Kleinniedesheim (3961), Klingenmünster (5375), Knittelsheim (5618), Knöringen (5403), Lambsheim (3971), Landau in der Pfalz (Arzheim (5560), Dammheim (5555), Godramstein (5558), Landau (5551), Mörlheim (5553), Mörzheim (5562), Nußdorf (5556), Queichheim (5554), Wollmesheim (5561)), Laumersheim (4406), Leinsweiler (5391), Lingenfeld (5599), Lustadt (Niederlustadt (5597), Oberlustadt (5596)), Maikammer (5453), Marnheim (4572), Meckenheim (4306), Mertesheim (4418), Minfeld (5675), Morschheim (4570), Neuleiningen (4398), Neustadt an der Weinstraße (Diedesfeld (4254), Duttweiler (4252), Geinsheim (4251), Gimmeldingen (4259), Haardt (4258), Hambach (4256), Königsbach (4260), Lachen-Speyerdorf (4253), Mußbach (4261), Neustadt (4257)), Niederhorbach (5362), Niederkirchen bei Deidesheim (4308), Niederotterbach (5357), Oberhausen (Südliche Weinstraße) (5361), Oberotterbach (5364), Obersülzen (4409), Obrigheim (Pfalz) (Albsheim an der Eis (4411), Colgenstein- Heidesheim (4410), Mühlheim (4412), Obrigheim (4413)), Offenbach an der Queich (5515), Ottersheim (4549), Ottersheim bei Landau (5617), Pleisweiler-Oberhofen (5373), Ranschbach (5392), Rhodt unter Rietburg (Rhodt unter Rietburg (5487), 3 Mittelhainger (5488)), Rittersheim (4568), Rödersheim-Gronau (Alsheim-Gronau (3992), Rödersheim (3991)), Römerberg (Berghausen (4071), Heiligenstein (4072), Mechtersheim (4073)), Rohrbach (Südliche Weinstraße) (5530), Roschbach (5481), Rüssingen (4547), Ruppertsberg (4307), Sankt Martin (5451), Schwegenheim (5600), Schweigen-Rechtenbach (Rechtenbach (5353), Schweigen (5351)), Schweighofen (5354), Siebeldingen (5395), Speyer (4101), Steinfeld (5356), Steinweiler (5673), Stetten (4566), Venningen (5468), Vollmersweiler (5677), Wachenheim an der Weinstraße (4336), Walsheim (5401), Weingarten (Pfalz) (5602), Weisenheim am Berg (4377), Weisenheim am Sand (4367), Westheim (Pfalz) (5598), Weyher in der Pfalz (Weyher in der Pfalz (5489), 3 Mittelhainger (5490)), Winden (Germersheim) (5674), Zeiskam (5616), Zellertal (Harxheim (4551), Niefernheim (4552), Zell (4553)).

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaoire**

Accent

Acolon

Adelfränkisch – Grüner Adelfränkisch

Albalonga

Allegro

Alvarinho - Albarino

Arneis

Artaban

Auxerrois – Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Barbera

Blauer Frühburgunder – Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Gänsfüßer

Blauer Limberger – Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Muskateller – Muskateller, Schwarzblauer Muskateller; Muscat Noir, Schwarzer Muskateller, Muscat A Petits Grains Noirs

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger – Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt – Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Blütenmuskateller

Bolero

Bronner

Cabernet Blanc

Cabernet Cantor

Cabernet Carbon

Cabernet Carol

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Eidos

Cabernet Franc

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin

Calandro

Calardis Blanc

Calardis Musqué

Carignan Noir

Carménère

Chardonnay

Chenin Blanc

Cinsault

Dakapo

Deckrot

Divico

Dolcetto

Domina

Donauriesling

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenfelser

Faberrebe

Felicia

Fer – Fer Servadou

Fernao Pires

Floreal

Früher Malingre – Malinger

Früher Roter Malvasier – Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie

Gamaret

Gelber Muskateller

Gelber Orleans – Orleans

Gf 2004-043-0010

Gf 2010-011-0048

Gf 84-58-988

Gf-Ga 52-42

Glera

Gm 674-1

Goldmuskateller – Muskateller

Grenache Blanc

Grenache Noir – Grenache

Grüner Silvaner – Silvaner, Sylvaner

Grüner Veltliner – Veltliner

Grünfränkisch

Helfensteiner

Helios

Heroldrebe

Hibernal

Huxelrebe – Huxel

Hölder

Johanniter

Juwel

Kanzler

Kerner

Kernling

Lagrein – Blauer Lagrein, Lagrain

Laurot

Malbec

Manzoni Bianco – Manzoni Bianco

Mariensteiner

Marsanne Blanche – Marsanne

Marselan

Merlot

Merlot Kanthus

Merlot Khorus

Monastrell – Mourvèdre

Morio Muskat

Muscaris
Muskat Ottonel – Muskat-Ottonel
Muskat Trollinger
Müller Thurgau – Rivaner
Müllerrebe – Schwarzriesling, Pinot Meunier
Nebbiolo
Nobling
Optima 113 – Optima
Ortega
Palas
Perle
Petit Manseng
Petit Verdot
Petite Syrah
Phoenix – Phönix
Pinot Nova
Pinotage
Pinotin
Piroso
Pollux
Primitivo – Zinfandel, Blaucher Scheuchner
Prior
Reberger
Regent
Reichensteiner
Rieslaner
Rinot
Roesler – Rösler
Rondo
Rosenmuskateller – Muskateller
Rosé Chardonnay – Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé
Roter Elbling – Elbling Rouge
Roter Gutedel – Chasselas Rouge, Fendant Rouge
Roter Muskateller – Muskateller, Muscat, Moscato
Roter Müller-Thurgau
Roter Riesling
Roter Traminer – Clevner, Traminer
Roter Veltliner
Roussanne
Ruländer – Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pinot Gris
Saint Laurent – St. Laurent, Sankt Laurent
Sangiovese
Saphira

Satin Noir
Sauvignac
Sauvignon Blanc – Muskat Silvaner
Sauvignon Gris
Sauvignon Gryn
Sauvignon Nepis
Sauvignon Rytos
Sauvignon Sary
Sauvitage
Scheurebe
Schwarzblauer Riesling
Schwarzer Urban
Schönburger
Semillon
Siegerrebe
Solaris
Soreli
Souvignier Gris
Syrah
Tannat
Tauberschwarz
Tempranillo
VB 32-7
VB 91-26-5
VB 91-26-8
VB Cal 1-22
VB Cal 1-28
Verdicchio Bianco – Trebbiano Di Soave
Veritage
Vidoc
Villaris
Viognier
We 70-281-36
We 70-281-37
We 73-45-84
We 94-26-36
We 94-27-5
We 94-28-32
We S 509
Weißer Burgunder – Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc
Weißer Elbling – Elbling, Kleinberger
Weißer Gutedel – Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant
Weißer Heunisch – Heunisch

Weißer Lagler

Weißer Riesling – Riesling renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Würzer

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Táirgí iomlána

Dálaí geografacha

Tírdhreach agus moirfeolaíocht

Ó thaobh cúrsaí struchtúrtha agus geolaíochta de, tá Haardtrand agus na hísealchríocha atá suite in Vorderpfalz mar chuid de Mhachaire na Réine Uachtaraí. Tá an limistéar fíonsaothrúcháin teoranta do Vorderpfalz/Rheinpfalz,, i.e. ó imill shléibhtiúla Fhoraois na Palaitíneachta san iarthar, trí Haardtrand chuig ísealchríocha Vorderpfalz, sna codanna láir agus oirthearacha. Tá na fíonghoirt, ar an meán, ag airde 170 m os cionn leibhéal na mara a bheag nó a mhór. Tarlaíonn an fíonsaothrúchán in Haardtrand den chuid is mó agus ar na hidirdhromanna agus ardchláir atá cumhdaithe le lós.

Geolaíocht

Ar an taobh thoir, tá imill chnoic Haardtrand, crios scoilte iarbhír Mhachaire na Réine Uachtaraí le fáil i ndiaidh Fhoraois na Palaitíneachta. Is éagsúil an comhdhéanamh geolaíoch atá le fáil sa limistéar seo, nach bhfuil ach cúpla ciliméadar ar leithead. Anuas ar dhríodair Thréasacha, is féidir carraig Mhéiseasóch a aimsiú in áiteanna. Is minic a bhíonn carraig den sórt sin forshrathaithe le dríodar sách tiubh ón ré Cheathartha. Fásann sciar suntasach de na fíniúnacha ar lós agus ar dhíorthaigh lóis sa limistéar fíonsaothrúcháin. Is féidir fíniúnacha a aimsiú ar chré, gaineamh agus gairbhéal dobharaíoch Ceathartha freisin. Is iad aolchloch agus marla Treasach na tríú cineál ithreach is coitianta de réir achar dromchla. Saothraítear fíniúnacha ar ghaineamhchloch Rotliegend agus gaineamhchloch bhreac freisin, cé go bhfuil an cleachtas sin teoranta. Is carraigeacha andúchasacha iad aolchloch, marla agus dolaimít ó Muschelkalk, Keuper agus Iúrasach go bunúsach. Is féidir sil-leagan de charraigeacha bolcánacha Rotliegend agus Tréasacha atá go hiomlán scoite agus carraigeacha Luath-Phailéasócha a aimsiú freisin.

Maidir le comhdhéanamh ithreach, is iad lós agus díorthaigh lóis an phríomhdhríodar, inar forbraíodh ithreacha paradhonna, seornaiseoim agus parareinsíne. Is iad reigeasal agus ithir dhonn na hithreacha is coitianta a aimsítear sna dríodair dhobharaíocha, agus aimsítear ithir Vega agus Vega gléirighfreisin sna tuilemhánna. Forbraíodh éagsúlacht cineálacha ithreach sna dríodair Thréasacha, agus go háirithe ithreacha fearóilíte, fearóisiailít agus Terrae calcis.

Tosca nádúrtha

Is mar a leanas atá aeráid an limistéir fíonsaothrúcháin. Is é thart ar 10 °C an mheánteocht bhliantúil agus is é 14,7 °C an mheánteocht le linn an tséasúir fáis. I bprionsabal, méadaíonn an teocht ag dul soir (Machaire na Réine) aniar (Haardtrand). Faigheann an limistéar thart ar 655 mm báistí ar an meán gach bliain, titeann 60 % (390 mm), ar an meán, den bháisteach sin le linn an tséasúir fáis. Faigheann iardheisceart an limistéir fíonsaothrúcháin na leibhéil is airde frasaíochta, agus faightear na leibhéil bhliantúla is ísle frasaíochta sa chuid is faide thoir thuaidh den réigiún. Faigheann na fíniúnacha meán de thart ar 665 000 Wh/m² de sholas gréine díreach le linn an tséasúir fáis.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir leis.

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Pfälzer Landwein' a tháirgeadh a bheith ó fhíonghoirt cheadaithe sna bardais nó sna haonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíniúna a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein